# MATA
# AG AN OBAIR!

## SPECSAVERS CO. CEATHARLACH



**Ní raibh mo chaidreamh le Mata ar scoil ró-mhaith go dtí gur fhoghlaim mé cé chomh tábhachtach is atá sé i ngach post. Tar éis dom féachaint ar na húsáidí atá ag Mata sa bhfíorshaol d'éirigh sé i bhfad níos éasca dom.**

Is é an jab atá agam ná cabhrú le daoine frámaí agus lionsaí a roghnú bunaithe ar an eolas a thugann an t - optaiméadraí dom. Is cuid mhór de mo phost é mata mar is uimhreacha iad gach oideas, mar shampla nuair a bhíonn spéaclaí léitheoireachta á ndéanamh suas againn caithfimid na hoidis léitheoireachta a chur ar an oideas rialta chun an t - oideas atá riachtanach don othar a fháil.

**Charis Kane** - Cúntóir Optúil

## FORAS NA MARA, CO. NA GAILLIMHE



**Thit mé i ngrá le Mata nuair a thuig mé go raibh níos mó i gceist ná a bheith ag aithris táblaí.**

Is eolaí iascaigh mé, measaim cé mhéad iasc atá san fharraige, tuarim cé mhéad a bheidh againn an bhliain seo chugainn, agus cuirim comhairle ar iascairí agus ar lucht déanta beartais faoin mbealach is fearr leis an acmhainn seo a úsáid. Cuireann mata teanga chomhchoiteann ar fáil chun ár dtuiscint ar an domhan mórthimpeall orainn a chur in iúl, chun an méid a fheicimid agus a theastaíonn uainn a cheistiú agus cur síos a dhéanamh air, agus chun réitigh chruthaitheacha a fhorbairt.

**Claire Moore** - Ceannaire Foirne in Iascach an ghrinnill

## MET ÉIREANN, BAILE ÁTHA CLIATH



**Tá mata riachtanach do mo phost agus tá an dúshuim agam inti ó bhíos ar scoil.**

Is réamhaisnéiseoir aimsire mé i Met Éireann agus is é an jab atá agam ná an aimsir is dóichí a mbeimid ag súil léi a oibriú amach. Tá sé suimiúil conas is féidir linn, bunaithe ar chothromóidí casta, cabhrú chun daoine a chosaint ó adhaimsir. Úsáidim samhlacha Tuar Uimhriúil Aimsire. Glacann siad seo na milliúin breathnú isteach agus úsáideann siad cothromóidí casta chun a ríomh cad a bheidh san atmaisféar amach anseo. Toisc go bhfuil éiginnteachtaí ann i gcónaí, úsáidim dóchúlachtaí chun leaganacha den todhchaí a d'fhéadfadh a tharlú a chatagóiriú.

**Andrew Doran-Sherlock** - Meitéareolaí

## MTU CEOL-SCOIL CHORCAÍ



**Is cnagcheoltóir mé. Casaim aon uirlisí a bhuaileann tú chun torann a dhéanamh. Uaireanta bíonn orm m'uirlisí féin a dhéanamh chun na fuaimeanna a iarrann cumadóirí agus stiúrthóirí éagsúla a chruthú. Is rud áisiúil é iomas maith don Mhata, d'uimhreacha agus do phatrúin i gcoitinne a bheith agat chun a oibriú amach conas a oibríonn na rudaí seo.**

Bhain mé taitneamh i gcónaí as patrúin a aimsiú i rudaí, cibé acu sin ceol, nádúr, innealra, nó rud ar bith eile i ndáiríre. Nuair a thosaíonn tú ag aithint patrún i rudaí agus conas is féidir le Mata cabhrú leis sin, ní stopfaidh tú!

**Alex Petcu-Colan** - Cnagcheoltóir, Saor-Cheoltóir agus Léachtóir

## ACORN LIFE DAC, CO. NA GAILLIMHE



**Mar Achtúire faoi Oiliúint i dtionscal an árachais saoil, úsáidim réamhaisnéis, mata agus staitisticí chun meastóireacht a dhéanamh ar dhóchúlacht imeachtaí, chun ár bpleananna Cosanta, Coigiltis, Pinsean agus Infheistíochtaí atá ann cheana a fhorbairt agus a fheabhsú. Bainim úsáid as na scileanna seo freisin chun meastacháin a sholáthar do chásanna éagsúla, ag cinntiú go bhfreastalaítear ar riachtanais gach sealbhóra polasaí agus ag tabhairt suaimhneas intinne dóibh faoin am atá le teacht.**

Is í an Mhata bunchloch mo ghairm bheatha. An rud a rabhas ag streachailt leis ar scoil, tá sé ina uirlis chumhachtach chun fadhbanna a réiteach agus cinntí a imríonn tionchar a ghlacadh. Rinneadh láidreachtaí de mo chuid deacrachtaí a bhí agam leis an mhata fadó. Mhúin siad athléimneacht agus scileanna chun fadhbanna a réiteach dom. Glac le mata, is féidir leis a bheith ina eochair a dhíghlasálfaidh d'acmhainneacht agus a osclóidh doirse a oscailt chuig deiseanna nua.

**Ashleigh Hyland** - Achtúire faoi Oiliúint

## MSD BHAILE DOINN, CO. THIOBRAID ÁRANN



**Tá an mhata ríthábhachtach inár saol nua - aimseartha. Tá ról lárnach aige i ngnéithe éagsúla den tsochaí. Idir intleacht shaorga a chruthú agus cluichí físe a fhorbairt, is é Mata an eochair a chuireann ar ár gcumas an iliomad rudaí a dhéanamh.**

Mar innealtóir ceimiceach, cuirim tacaíocht ar fáil do phróisis theicniúla maidir le monarú cógas a sholáthraítear d'othair ar fud an domhain. Cibé an bhfuil anailísí staitistiúla á ndéanamh agam chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht próisis, anailís á déanamh agam ar shonraí déantúsaíochta chun fadhbanna a réiteach nó riachtanais chainníochta amhábhar á ríomh agam, tá Mata ag croílár i mo chuid oibre. Tá an mhata níos fairsinge ná cothromóidí; forbraíonn sé cumais réiteach fadhbanna agus smaointeoireacht loighciúil, rudaí atá thar a bheith luachmhar in aon ghairm bheatha.

**Joe Sheehan** - Innealtóir Ceimiceach

MATA DO CHÁCH
Seachtain Mhata na hÉireann

12-20 Deireadh Fómhair 2024

#IUseMaths #MathsWeek2024

**Cláraigh anois ar mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag
CALMAST
SETU

Le tacaíocht ó
Taighde Éireann / Research Ireland
The Responsible Business Network Northern Ireland
An Roinn Oideachais Department of Education